An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Tuarascáil maidir le Comhlíonadh 2019

Tá an tuarascáil seo á heisiúint ag an Rialálaí Carthanas de bhun na bhfeidhmeanna atá aige faoi alt 14 den Acht Carthanas 2009, lena n-áirítear comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú carthanas agus faireachán a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn an tAcht Carthanas á chomhlíonadh ag carthanais agus comhlíonadh a chinntiú.

Clár Ábhar

Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	05
1. Achoimre fheidhmeach	06
2. Faisnéis chúlra maidir leis an Rialálaí Carthanas	07
3. Na saincheisteanna coitianta a sainaithníodh	08
4. An Cód Rialachais do Charthanais	10
5. Forbairtí Comhlíonta agus Forfheidhmiúcháin sa bhliain 2019	12
6. Gníomhartha reachtúla	13
7. Fógraí faoi alt 59 den Acht Carthanas 2009	14
8. Anailís ar ábhair imní sa bhliain 2019	15
9. Conclúid	25
10. Tagairtí	26

Brollach ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is é seo an tríú tuarascáil maidir le comhlíonadh ón Rialálaí Carthanas agus cumhdaítear inti ár ngníomhaíochtaí comhlíonta le linn na bliana 2019. Feidhmeanna tábhachtacha de chuid an Rialálaí Carthanas is ea faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta Carthanas 2009 agus an comhlíonadh sin a chur chun cinn, fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanamh nuair is cuí agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair is gá. D'ainneoin na mórdhúshlán soláthar foirne a bhí ann le linn na bliana 2019, lean an Rialálaí Carthanas le díriú ar a chroíghníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmiúcháin a chur i gcrích. Eisíodh roinnt iarrataí ar fhaisnéis agus roinnt ordachán reachtúil agus foilsíodh tuarascáil cigire maidir le Fondúireacht Ollscoil na Gaillimhe, rud inar leagadh amach pointí foghlama do charthanais chláraithe eile.

Leanamar freisin le caidreamh a dhéanamh le carthanais chláraithe agus le heagraíochtaí eile maidir le hábhair imní a tarraingíodh anuas i ndáil lena gcuid gníomhaíochtaí. Cé gur lú an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2019 ná sa bhliain 2018, tharla sé go raibh méadú ann ar an líon eagraíochtaí a bhí ina n-ábhar d'ábhair imní a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas an bhliain seo caite. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur le carthanais neamhchláraithe agus le heagraíochtaí eile a bhain 48% de na hábhair imní a fuarthas.

Bhí dlisteanacht na heagraíochta mar charthanas fós ar an gcineál is coitianta ábhair imní a fuarthas agus ba le bailiúcháin éadaigh a bhain formhór na n-ábhar imní a fuarthas ina leith sin. Ag gníomhú dúinn i gcomhar lenár gcuid comhghleacaithe sa Gharda Síochána, reáchtálamar feachtas raidió náisiúnta inar moladh go láidir do dhaoine den phobal an Clár Carthanas a sheiceáil sula dtugann siad aon éadaí do bhailiúcháin den sórt sin chun a chinntiú nach gcailleann carthanais chláraithe amach ar thabhartais a bhfuil géarghá leo.

Tugadh faoi deara go raibh laghdú ann ar an líon ábhar imní a fuarthas maidir le saincheisteanna rialachais sa bhliain 2019. Cé nach féidir an laghdú sin a cheangal go díreach le seoladh an Chóid Rialachais do Charthanais i mí na Samhna 2018, is amhlaidh, mar thoradh ar an mbéim mhéadaithe a bhíonn á cur ag carthanais chláraithe ar na bunchaighdeáin dea-rialachais atá leagtha amach sa Chód a ghnóthú agus a chothabháil, go bhfuilimid ag coinne leis go dtiocfaidh laghduithe eile le himeacht ama ar an líon ábhar imní a tharraingeofar anuas leis an Rialálaí Carthanas faoi shaincheisteanna rialachais.

De bhun ár gcaidrimh leantaigh le carthanais ar an gCód Rialachais do Charthanais sa bhliain 2019, chuireamar sraith ábhar treorach, teimpléad agus ceisteanna coitianta le chéile, a bhfuil gach ceann díobh ar fáil ar rannán tiomnaithe dár suíomh Gréasáin. Díríodh go láidir ar an gCód Rialachais do Charthanais le linn ár seó bóthair 'Buail leis an Rialálaí Carthanas' sa bhliain 2019 freisin, agus tá físeáin de na himeachtaí sin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin anois.

Is eol dom go bhfuilimid mar shochaí ag déileáil leis an dúshlán is mó atá romhainn riamh, b'fhéidir, agus an tuarascáil seo á scríobh. Anois níos mó ná riamh, teastaíonn iontaoibh agus muinín an phobail ó charthanais chláraithe ionas gur féidir leo oibrithe deonacha agus cistí a mhealladh agus seirbhísí agus tacaí ríthábhachtacha a sholáthar do dhaoine soghonta inár sochaí agus don mhórphobal araon. Gné lárnach dár gcuid oibre rialála arís eile sa bhliain 2020 a bheidh i dtacaíocht a thabhairt do charthanais chláraithe caighdeáin rialachais a neartú laistigh dá n-eagraíocht agus, ag an am céanna, i gcarthanais a choinneáil cuntasach nuair nach gcomhlíontar na caighdeáin sin.

Helen Martin
Príomhfheidhmeannach

1. Achoimre fheidhmeach

Sa bhliain 2019, tarraingíodh 649 n-ábhar imní aonair anuas leis an Rialálaí Carthanas. Is ionann an líon ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas agus laghdú 5% ar an líon ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas sa bhliain 2018, ar lena linn a fuarthas 686 cinn.

Tháinig méadú 23% ar an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas de réir eagraíochta, agus é ag méadú ó 423 eagraíocht sa bhliain 2018 go 521 eagraíocht sa bhliain 2019.

Dúnadh 597 n-ábhar imní aonair san iomlán le linn na bliana 2019. Is ionann an líon sin agus laghdú 17% ar an líon ábhar imní aonair a dúnadh sa bhliain 2018, ar lena linn a dúnadh 722 cheann.

Léirítear i gcomparáid a rinneadh idir na hábhair imní a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2018 agus sa bhliain 2019 go raibh laghdú 8% ann ar an líon ábhar imní a fuarthas maidir le rialachas. Léirítear inti freisin nach raibh aon athrú ann ar an líon ábhar imní a fuarthas maidir le rialú airgeadais agus trédhearcacht idir an dá bhliain, agus é cothrom le 21% de na hábhair imní uile a fuarthas.

Le linn na bliana 2019, fuair an Rialálaí Carthanas 16 thuairisc faoi alt 59 den Acht Carthanas 2009, lena gceanglaítear ar iontaobhaithe carthanais agus ar dhaoine iomchuí eile tuairisc a thabhairt i gcás go dtiocfaidh faisnéis ina seilbh arb í faoi deara dóibh a theacht ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, déanta nó á dhéanamh. Tháinig saincheisteanna coitianta a sainaithníodh i mblianta roimhe chun cinn arís eile sa bhliain 2019. Samplaí de na saincheisteanna athfhillteacha sin is ea na dualgais agus na freagrachtaí atá ar iontaobhaithe, coinbhleachtaí leasa a bhainistiú agus eagraíochtaí carthanúla neamhchláraithe.

I mí na Samhna 2019, d'fhoilsigh an Rialálaí Carthanas tuarascáil cigire ar Fhondúireacht Ollscoil na Gaillimhe (Uimhir Charthanais Chláraithe 20038823) tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí an charthanais. D'fhoilsigh an tAonad um Chomhlíonadh tuilleadh faisnéise do charthanais sa bhliain 2019, rud inar leagadh amach an "Treoir maidir le carthanas a fhoirceannadh". Chuir an tAonad um Chomhlíonadh Tacar Uirlisí an Chóid Rialachais do Charthanais le chéile freisin, ina bhfuil sraith treoirdhoiciméad agus teimpléad, lena n-áirítear leagan comhlánaithe den fhoirm shamplach um chomhlíonadh a thaifeadadh, atá deartha chun cabhrú le hiontaobhaithe carthanais an Cód a chur chun feidhme.

2. Faisnéis chúlra maidir leis an Rialálaí Carthanas

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Carthanas, nó an 'Rialálaí Carthanas' mar a thugtar air, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách i mí Dheireadh Fómhair 2014 de réir an Achta Carthanas 2009.

Tá roinnt feidhmeanna reachtúla ag an Rialálaí Carthanas, lena n-áirítear an Clár Carthanas a bhunú agus a chothabháil, a chinntiú go gcomhlíonfaidh carthanais na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu, imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí carthanas agus, nuair is cuí, treoir a eisiúint chuig carthanais agus chuig iontaobhaithe carthanais.

Eagraíochtaí neamhspleácha is ea carthanais. Is iad iontaobhaithe carthanais a reáchtálann iad. Imríonn siad ról ríthábhachtach inár sochaí agus gníomhaíonn siad chun leas an phobail ar bhealaí éagsúla do phobail in Éirinn agus ar fud an domhain.

Tagann an Rialálaí Carthanas ar an eolas faoi sháruithe líomhnaithe ar an Acht Carthanas 2009 (dá dtagraítear "ábhair imní" sa tuarascáil seo) ar roinnt bealaí difriúla, mar shampla trí fhoirm ábhar imní ar líne an Rialálaí Carthanas, rud ar féidir le daoine den phobal é a chomhlánú, trí thuairiscí sna meáin agus tríd an obair faireacháin nó an obair eile a dhéanann an Rialálaí Carthanas.

Mar chuid den fheidhm comhlíonta agus forfheidhmiúcháin atá aige, féadfaidh an Rialálaí Carthanas fiosrúchán a oscailt ar aon ábhar imní a bhaineann le carthanas cláraithe nó le haon eagraíocht eile chun a chinneadh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar an Acht Carthanas 2009.

3. Na saincheisteanna coitianta a sainaithníodh

Le linn dó bainistiú a dhéanamh ar ábhair imní a tarraingíodh anuas faoi charthanais agus faoi eagraíochtaí le linn na bliana 2019, thug an Rialálaí Carthanas faoi deara gur tháinig na saincheisteanna coitianta a sainaithníodh i mblianta roimhe chun cinn arís eile sa bhliain 2019. Tá na téamaí athfhillteacha atá liostaithe sa tuarascáil don bhliain 2019 luaite sa tábla thíos, mar aon leis an treoir ábhartha atá ar fáil lena híoslódáil ónár suíomh Gréasáin.

Na Saincheisteanna Coitianta a sainaithníodh

Téama	Na saincheisteanna coitianta a sainaithníodh	An Treoir agus an Tacaíocht atá ar fáil
Na dualgais agus na freagrachtaí atá ar iontaobhaithe	• Níl iontaobhaithe carthanais ar an eolas faoi na dualgais dhlíthiúla agus na freagrachtaí dlíthiúla atá orthu; • Tá easpa eolais ag iontaobhaithe carthanais ar na ceanglais agus na coinníollacha atá i ndoiciméad rialaithe a gcarthanais; • Ní bhíonn cruinnithe á dtionól ag iontaobhaithe carthanais nó ní bhíonn siad ag freastal orthu; • Bíonn cinntí á ndéanamh ag iontaobhaithe carthanais gan na cinntí sin a dhoiciméadú i miontuairiscí foirmiúla an Bhoird; • Bíonn cinntí tábhachtacha á ndéanamh ag iontaobhaithe carthanais gan sainchomhairle a lorg ar dtús; • Bíonn iontaobhaithe carthanais ag ligean d'iontaobhaí amháin nó do ghrúpa iontaobhaithe an carthanas a rialú; • Níl iontaobhaithe carthanais ar an eolas faoi na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu i leith an Rialálaí Carthanas maidir leis na nithe seo a leanas: - Tuairisceán bliantúil a dhéanamh; - A gcuid sonraí a choinneáil cothrom le dáta ar an gClár poiblí Carthanas; - Cionta amhrasta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, a nochtadh;	'Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais'[1]
Managing conflicts of interest	• Tá an iomarca daoine bainteacha ag gníomhú mar iontaobhaithe ar an gcarthanas; • Níl beartas coinbhleachta leasa i bhfeidhm ag an gcarthanas; • Ní bhíonn 'coinbhleacht leasa' á plé ag an gcarthanas mar bhuanmhír ar an gclár oibre; • Nuair a bhíonn coinbhleacht ann, ní bhíonn na hiontaobhaithe carthanais is ábhar don choinbhleacht á mbaint den phróiseas cinnteoireachta; • Ní bhíonn carthanais ag taifeadadh cén dóigh ar bhainistigh siad coinbhleachtaí a sainaithníodh.	An treoir maidir le 'Coinbhleachtaí Leasa a Bhainistiú'[2]
Rialuithe inmheánacha airgeadais	• Tá easpa beartas airgeadais doiciméadaithe agus easpa nósanna imeacht-a airgeadais doiciméadaithe i bhfeidhm; • • Níl aon leithscaradh dualgas i bhfeidhm; • • Ní bhíonn airgead tirim á chomhaireamh i láthair beirte; • • Ní bhíonn admhálacha á n-eisiúint i leith síntiús a fhaightear; • • Ní bhíonn réitigh airgeadais á gcur i gcrích;	'Treoirlínte do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais'[3]

Téama	Na saincheisteanna coitianta a sainaithníodh	An Treoir agus an Tacaíocht atá ar fáil
Rialuithe inmheánacha airgeadais	• Ní bhíonn ioncam srianta ná ioncam neamhshrianta á sainaithint agus á dtaifeadadh go leordhóthanach; • Níl aon chonarthaí fostaíochta i bhfeidhm; • Tá easpa doiciméad tacaíochta ar fáil chun éilimh speansais a bhailíochtú; • Níl admhálacha ag gabháil le caiteachas cárta creidmheasa; • Ní bhíonn tuarascálacha airgeadais rialta ina mionsonraítear feidhmíocht agus staid airgeadais an charthanais á soláthar d'iontaobhaithe carthanais; • Níl aon chlár sócmhainní seasta i bhfeidhm.	'Treoirlínte do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais'[3]
Trédhearcacht	• Charities submitting abridged accounts; • Charities not clearly communicating how they are using charitable funds and the impact of those funds; • Charities not publishing key finance and governance information;	SORP (Statement of Recommended Practice)[4]
Cruinniú Airgid	• Charities not obtaining and/or displaying a valid collection permit; • Charity collectors not displaying charity information and authorisations; • Charities not using sealed boxes for cash collections; • Charities not describing the purpose of the fundraising; • Charities using third party fundraising agents without a written contract in place;	'Guidelines for Charitable Organisations on Fundraising from the Public'[5]
Cúlchistí Carthanais	• Charities not having a reserves policy in place; • Charities not clear on the difference between the various types of restricted and unrestricted funds, and the appropriate manner in which to utilise those funds;	'Guidance on Charity Reserves'[6]
Eagraíochtaí carthanúla neamhchláraithe	• Níl iarratas déanta ag an eagraíocht charthanúil chuig an Rialálaí Carthanas ar a cuimsiú sa Chlár Carthanas; • Bíonn eagraíocht (nach carthanas cláraithe í) ag airbheartú gur carthanas í	'Cad is Carthanas ann?' Treoir'[7]

1. Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1078/guidance-for-charity-trustees-july-2017.pdf**
2. Treoir maidir le Coinbhleachtaí Leasa a Bhainistiú - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1417/managing-conflicts-of-interest-may-2018.pdf**
3. 'Treoirlínte do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais' - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1081/financial-controls-guidelines-june-2017.pdf**
4. Ráiteas faoi Chleachtas Molta – ar fáil ag: **http://www.charitysorp.org/**
5. 'Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal' - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1083/guidance-for-fundraising-english.pdf**
6. 'Treoirlínte maidir le Cúlchistí Carthanais' - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1919/guidance-on-charity-reserves-final.pdf**
7. Treoir maidir le 'Cad is Carthanas ann?' - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1544/what-is-a-charity-rev-001.pdf**

4. An Cód Rialachais do Charthanais

Is gá dea-rialachas a bheith i bhfeidhm i gcarthanas chun go n-éireoidh leis agus, i bhfianaise na ndúshlán a d'eascair as an ngéarchéim sláinte poiblí sa bhliain 2020, tá dea-rialachas níos tábhachtaí anois ná riamh. De réir an dlí, tá freagracht aonair agus freagracht chomhpháirteach araon ar iontaobhaithe carthanais (e.g. aon duine atá ag fónamh ar Bhord nó ar Choiste de chuid carthanais) as a dtarlaíonn laistigh dá gcarthanas. Ní mór d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go mbaineann a gcarthanas a chuspóirí carthanúla amach le hionracas agus go mbainistítear é ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach.

Sheol an Rialálaí Carthanas an Cód Rialachais do Charthanais i mí na Samhna 2018. Leagtar síos ann na hóschaighdeáin ar cheart d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go gcomhlíonann a gcarthanas iad ionas gur féidir leo a n-eagraíocht a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach.

Leagtar amach sa Chód Rialachais do Charthanais na sé phrionsabal um rialachas, mar aon leis an 32 chroíchaighdeán ar cheart do gach carthanas iad a chomhlíonadh agus na prionsabail á gcur i ngníomh acu. Tá 17 gcaighdeán bhreise ann freisin lena léirítear an dea-chleachtas do charthanais ag a bhfuil ardleibhéil ioncaim agus/nó struchtúir chasta eagrúcháin agus chistiúcháin agus/nó líon suntasach fostaithe.

Aithnítear sa Chód Rialachais do Charthanais an éagsúlacht shuntasach atá ann i measc charthanais na hÉireann agus tá sé mar aidhm leis caitheamh go comhréireach leo. Tá an Cód scríofa i mBéarla simplí agus cuireadh carthanais atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin agus carthanais a bhfuil líon beag ball foirne íoctha acu san áireamh nuair a bhí sé á ullmhú.

Bhíothas ag súil leis go gcuirfeadh gach iontaobhaí carthanais eolas ar na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód Rialachais do Charthanais le linn na bliana 2019 chun a chinntiú go mbeadh a gcarthanas in ann an Cód a chur chun feidhme le linn na bliana 2020.

Glacadh samhail 'comhlíonadh nó míniú' i ndáil leis an gCód Rialachais do Charthanais, agus aitheantas á thabhairt don éagsúlacht shuntasach atá ann i measc carthanais chláraithe. Mar sin, i gcás nach féidir le carthanas caighdeán ar leith atá sonraithe sa Chód a chomhlíonadh ar cibé cúis, is féidir leis an gcarthanas na cúiseanna sonracha sin a thaifeadadh agus iad a thabhairt mar mhíniú, má iarrtar air déanamh amhlaidh. Measfar gur baineadh comhlíonadh dóthanach an chaighdeáin ábhartha amach i gcás go dtabharfar míniú réasúnaithe agus go mbeidh an carthanas in ann a thaispeáint go bhfuil an príomhphrionsabal lena mbaineann an caighdeán á chomhlíonadh aige nó gur chuir sé amchlár réalaíoch i bhfeidhm chun an príomhphrionsabal a chomhlíonadh. Tarlóidh sé nach mbeidh feidhm ag na caighdeáin uile maidir le carthanas ar leith. I gcásanna den sórt sin, is féidir leis an gcarthanas an méid sin a chruthú trí thagairt do mhiontuairiscí an chruinnithe inar phléigh na hiontaobhaithe an caighdeán lena mbaineann agus inar taifeadadh an chúis nár cuireadh chun feidhme é.

Déanfaidh an Rialálaí Carthanas faireachán ar chomhlíonadh an Chóid agus beifear ag súil leis go gcomhlíonfaidh carthanais an Cód nó go míneoidh siad cén fáth nach bhfuil an Cód á chomhlíonadh acu. Beifear ag súil leis go gcoinneoidh carthanais foirmeacha taifid chomhlánaithe maidir le comhlíonadh ar comhad agus féadfaidh an Rialálaí Carthanas iad sin a iarraidh ag aon am. Sa bhliain atá romhainn, tá sé beartaithe ag an Rialálaí Carthanas cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh i leith a chuid oibre. Beidh an faireachán ar chomhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais ina chuid thábhachtach den obair sin.

Sa Chód Rialachais, cuirtear síos ar na hóschaighdeáin ar cheart do gach carthanas iad a chomhlíonadh agus tugtar ceanglais dhlíthiúla agus an dea-chleachtas le chéile chun iontaobhaithe carthanais a chumasú a gcarthanas a reáchtáil go maith.

Tacar Uirlisí nua an Chóid Rialachais do Charthanais

Trínár gcuid oibre comhlíonta agus trínár gcaidreamh rialta le carthanais agus le hiontaobhaithe carthanais, d'fhoghlaimíomar go rachadh tuilleadh treorach praiticiúla agus uirlisí praiticiúla chun tairbhe do chuid mhór carthanas – go háirithe carthanais bheaga atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin – maidir le iad a chumasú dea-chaighdeáin rialachais a chur chun feidhme laistigh dá gcarthanas.

Sa bhliain 2019, d'oibríomar ar threoir agus uirlisí den sórt sin a fhorbairt chun tacú le carthanais (go háirithe carthanais bheaga atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin) agus chuireamar Tacar Uirlisí an Chóid Rialachais do Charthanais le chéile ina bhfuil sraith treoirdhoiciméad agus teimpléad, lena n-áirítear leagan comhlánaithe den fhoirm shamplach um chomhlíonadh a thaifeadadh, atá deartha chun cabhrú le hiontaobhaithe carthanais an Cód a chur chun feidhme. Tá na treoirdhoiciméid agus na teimpléid sin foilsithe faoi na ceannteidil seo a leanas-

- An Fhoirm Shamplach um Chomhlíonadh a Thaifeadadh;
- Dualgais agus Ról an Iontaobhaí Carthanais;
- Cruinnithe agus Miontuairiscí;
- Pleanáil agus Riosca;
- Earcaíocht agus Ionduchtú;
- Nóta ginearálta ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála 'eile'.

D'fhorbraíomar rannán Ceisteanna Coitianta maidir leis an gCód Rialachais do Charthanais ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas freisin. Tá sé mar aidhm leis an rannán Ceisteanna Coitianta aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna a fhaighimid le linn dúinn caidreamh a dhéanamh le carthanais maidir leis an gCód. Coinnítear an rannán faoi athbhreithniú agus nuashonraítear é de réir mar is gá.

Bhí súil againn go mbeimis in ann ár n-ábhair threorach a fhorlíonadh trí oiliúint aghaidh ar aghaidh a chur ar thart ar 1,000 iontaobhaí carthanais le linn na bliana 2019. De dheasca fadhbanna acmhainne le linn na bliana, áfach, ní rabhthas in ann tabhairt faoin gcleachtadh soláthair phoiblí a bhí ag teastáil chun soláthraí oiliúna a shainaithint. Le linn na bliana 2019, mar sin, dhíríomar acmhainní foirne ar fhorbairt a dhéanamh ar ábhair threorach agus ar theimpléid phraiticiúla a rachadh chun tairbhe don oiread iontaobhaithe carthanais agus is féidir.

I dteannta an Tacair Uirlisí agus na gCeisteanna Coitianta atá luaite thuas, rinneamar suirbhé ar charthanais chun na réimsí den Chód as a dtagann an chuid is mó de cheisteanna a shainaithint agus dhíríomar go géar ar na ceisteanna sin a fhreagairt le linn ár seó bóthair náisiúnta 'Buail leis an Rialálaí Carthanas', a bhí ar siúl sa dara cuid den bhliain 2019. Ar mhaithe le tionchar na n-imeachtaí sin a uasmhéadú, cuireadh físeáin de na láithreoireachtaí a tugadh lena linn ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ó shin i leith, lena n-áirítear ceann amháin ina bpléitear an Cód Rialachais do Charthanais. D'fhág sé sin go rabhamar in ann ár n-acmhainní a dhíriú ar threoir agus ábhair a chur ar fáil do bhreis agus 70,000 iontaobhaí carthanais sa bhliain 2019.

Sainaithníodh soláthraí oiliúna níos luaithe i mbliana tar éis cleachtadh soláthair phoiblí. Tá oiliúint ar líne á soláthar faoi láthair, agus leanfar le í a sholáthar thar na míonna atá romhainn, d'iontaobhaithe carthanais de chuid carthanas nuachláraithe agus d'aon iontaobhaithe carthanais atá ag iarraidh tuilleadh treorach praiticiúla a fháil ar an gCód a chur chun feidhme laistigh dá gcarthanas.

Sna blianta atá romhainn, is é an rún atá ag an Rialálaí Carthanas go léireofar in iontráil gach carthanais ar an gClár Carthanas cé acu a dhearbhaigh nó nár dhearbhaigh an carthanas go bhfuil an Cód Rialachais á chomhlíonadh aige. Maidir le haon charthanas a dhearbhóidh mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil uaidh chuig an Rialálaí Carthanas go bhfuil an Cód Rialachais á chomhlíonadh ina iomláine aige, samhlaítear go mbeidh stádas comhlíonta an charthanais sin le feiceáil ar an gClár ó dháta an dearbhaithe amach le linn na bliana 2021. Maidir le haon charthanas a dhearbhóidh go bhfuil an Cód Rialachais á chomhlíonadh go páirteach aige, samhlaítear freisin go mbeidh sé de rogha ag an gcarthanas sin toiliú leis an dearbhú a bheith le feiceáil ar an gClár, mar aon le míniú ar na cúiseanna le neamhchomhlíonadh. Foilseoidh an Rialálaí Carthanas Nóta Faisnéise ina dtabharfar tuilleadh mionsonraí ina leith sin.

Treoir Eile

D'fhoilsigh an Rialálaí Carthanas 'Treoir maidir le carthanas a fhoirceannadh' sa bhliain 2019, rud ina dtugtar faisnéis faoi conas a fhéadfar eagraíocht charthanúil atá cláraithe leis an Rialálaí Carthanas a fhoirceannadh. Tá an Treoir sin á hathbhreithniú faoi láthair d'fhonn leagan nuashonraithe a fhoilsiú níos déanaí i mbliana.

5. Forbairtí Comhlíonta agus Forfheidhmiúcháin sa bhliain 2019

Bhí roinnt forbairtí tábhachtacha ann in Aonad an Rialálaí Carthanas um Chomhlíonadh le linn na bliana 2019, lenar áiríodh iad seo a leanas:

Rinneadh ár mBeartas maidir le hÁbhair Imní a athbhreithniú agus a nuashonrú chun an t-eispéireas oibríochtúil a léiriú. Foilsíodh an leagan leasaithe den Bheartas i mí na Bealtaine 2019.

Rinneadh an córas bainistíochta cásanna a fhorbairt tuilleadh d'fhonn táscairí riosca a shainaithint laistigh den Rialálaí Carthanas. Samhlaítear gurb é an toradh deiridh a bheidh air sin go gcumasófar don Rialálaí Carthanas réimsí leasa laistigh den earnáil carthanas a shainaithint agus iad a mheasúnú ó thaobh riosca de. Cabhróidh sé sin leis an Rialálaí Carthanas a chuid acmhainní a dhíriú ar na carthanais sin lena mbaineann an riosca is mó ó thaobh comhlíonta de, rud a thabharfaidh deis dúinn caidreamh a dhéanamh leis na carthanais sin ag luathchéim chun treoir agus comhairle a thabhairt dóibh de réir mar is cuí. Leanfar leis an gcóras táscairí riosca a fhorbairt an bhliain seo chugainn.

Ceapadh Ceann nua um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú – Thomas Mulholland – i mí na Samhna 2019 agus earcaíodh tuilleadh ball foirne gairmiúil chuig an Aonad sa bhliain 2020. Ar aon dul leis an ngealltanas a thug an Rialálaí Carthanas sa ráiteas straitéise uaidh chun infheistiú in oiliúint foirne, d'fhreastail baill foirne an Aonaid um Chomhlíonadh ar roinnt seimineár agus cúrsaí oiliúna ar na nithe seo a leanas le linn na bliana 2019: an Cód Rialachais; rialacháin chuntasaíochta; oiliúint láithreoireachta; agus comhlíonadh.

6. Gníomhartha reachtúla

Tá an líon gníomhartha reachtúla a rinne an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2019 leagtha amach i dTábla 1 thíos. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ar bhonn riaracháin mar fhiosrúcháin neamhreachtúla ar dtús a dhéileálann an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú le formhór na n-ábhar imní a tharraingítear anuas leis an Rialálaí Carthanas. Más gá faisnéis a fháil ó charthanas nó ó eagraíocht eile ionas gur féidir ábhar imní a phróiseáil, is gnách go n-iarrfaidh an tAonad um Chomhlíonadh an fhaisnéis ar bhonn deonach sula ndéanfar aon bhreithniú ar threoir reachtúil a eisiúint chun an fhaisnéis a sholáthar. I bhformhór mór na gcásanna, is ar bhonn deonach a sholáthraítear an fhaisnéis a iarrtar.

Tábla 1: Na Gníomhartha Reachtúla a rinne an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2019

Alt den Acht Carthanas 2009	Líon
• Alt 53 - Ceanglas faisnéis a sholáthar	3
• Alt 64 - Cigirí a cheapadh maidir le himscrúdú	Ceann ar bith
• Alt 68 - Ceanglas leabhair, doiciméid nó taifid eile a thabhairt ar aird	10
• Alt 73 - Smachtbhannaí idirmheánacha a fhorchur	Ceann ar bith

I dteannta na ngníomhartha thuas, féadfaidh cigirí arna gceapadh ag an Rialálaí Carthanas de bhun alt 64 den Acht Carthanas 2009 gníomhartha reachtúla a dhéanamh freisin, e.g., féadfaidh siad gníomhartha reachtúla a dhéanamh faoi alt 65, lena bpléitear leis an gceanglas leabhair, doiciméid agus taifid eile a thabhairt ar aird agus freastal os comhair cigire nó cúnamh a thabhairt do chigire. Ós rud é go gcuireann cigirí a gcuid feidhmeanna i gcrích go neamhspleách ar an Rialálaí Carthanas, níl na gníomhartha sin léirithe sna figiúirí a bhaineann leis na gníomhartha reachtúla a rinne an Rialálaí Carthanas.r.

Fuair an Rialálaí Carthanas ábhair imní faoin gcarthanas agus, tar éis réamhfhiosruithe a dhéanamh, cinneadh cigirí a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh faoi Chuid 4 den Acht Carthanas 2009. Fuair an Rialálaí Carthanas an tuarascáil cigire i mí na Samhna 2019 agus chinn Bord an Rialálaí Carthanas an tuarascáil a fhoilsiú ansin de bhun alt 66(3)(c) den Acht Carthanas 2009.

Tá cóip den tuarascáil cigire ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.charitiesregulator.ie.

An Tuarascáil Cigire ar Fhondúireacht Ollscoil na Gaillimhe

I mí na Samhna 2019, d'fhoilsigh an Rialálaí Carthanas tuarascáil cigire ar Fhondúireacht Ollscoil na Gaillimhe (Uimhir Charthanais Chláraithe 20038823) tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí an charthanais.

7. Fógraí faoi alt 59 den Acht Carthanas 2009

Ceanglaítear le halt 59 den Acht Carthanas 2009 ar iontaobhaithe carthanais agus ar dhaoine iomchuí eile tuairisc a thabhairt don Rialálaí Carthanas i gcás go dtiocfaidh faisnéis ina seilbh arb í faoi deara dóibh a theacht ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil cion faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, déanta nó á dhéanamh.

Tugadh 16 thuairisc don Rialálaí Carthanas de bhun alt 59 den Acht Carthanas 2009 le linn na bliana 2019.

8. Anailís ar Ábhair Imní sa bhliain 2019

8.1 Tús eolais ar an Anailís ar Ábhair Imní

Chun próiseáil ábhar imní a éascú agus chun a léiriú cén dóigh a dtarraingítear ábhair imní anuas leis an Rialálaí Carthanas, taifeadtar ábhair imní agus tuairiscítear orthu ar dhá bhealach:

1. **De réir Ábhar Imní Aonair a Tarraingíodh Anuas**
   Déantar ábhair imní a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas a mheasúnú, a phróiseáil agus a thaifeadadh bunaithe ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas san ábhar imní.

2. **De réir na hEagraíochta ar ina leith a Tarraingíodh Ábhar Imní Anuas**
   Déantar ábhair imní aonair a tarraingíodh anuas faoi eagraíocht a bhreithniú i gcomhthéacs aon ábhar imní eile a tarraingíodh anuas faoin eagraíocht chéanna.

Foinsí Ábhar Imní
Tarraingítear ábhair imní anuas leis an Rialálaí Carthanas trí roinnt foinsí éagsúla, idir fhoinsí seachtracha agus fhoinsí inmheánacha. Áirítear leo na foinsí seo a leanas:

- daoine den phobal (lena n-áirítear iontaobhaithe carthanais, oibrithe deonacha agus fostaithe),
- comhlachtaí/rialálaithe eile rialtais, agus
- an faireachán réamhghníomhach a dhéanann an Rialálaí Carthanas.

Roinnt Saincheisteanna in Ábhar Imní Aonair
Is féidir go n-áireofar le hábhar imní roinnt saincheisteanna a bhaineann le heagraíocht aonair. Ós rud é gur féidir go dtiocfaidh na saincheisteanna difriúla a tarraingíodh anuas faoi chatagóirí difriúla, beidh an líon catagóirí saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus a taifeadadh níos airde ná an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas.

Is é a d'fhéadfadh a bheith in ábhar imní aonair, mar shampla, ná saincheisteanna a bhaineann le rialuithe airgeadais na heagraíochta agus saincheisteanna a bhaineann le hiontaobhaí a cheapadh. I gcás den sórt sin, dhéanfaí an t-ábhar imní a thaifeadadh mar ábhar imní amháin agus dhéanfaí an dá shaincheist aonair a thaifeadadh faoi dhá chatagóir saincheisteanna ar leith.

Ábhair Imní faoi Roinnt Eagraíochtaí
D'fhéadfadh duine den phobal saincheisteanna a tharraingt anuas faoi roinnt eagraíochtaí difriúla i bpíosa comhfhreagrais aonair. I gcás den sórt sin, dhéanfaí an píosa comhfhreagrais aonair a thaifeadadh mar ábhar imní a tarraingíodh anuas faoi gach ceann de na heagraíochtaí dá dtagraítear sa chomhfhreagras. Mar shampla, d'fhéadfadh duine ábhar imní a tharraingt anuas faoi bheartais chomhchosúla a bheith á nglacadh ag grúpa sonraithe carthanas a bhfuil an cuspóir carthanúil céanna acu agus a sheolann gníomhaíochtaí carthanúla comhchosúla, e.g. carthanais a dhíríonn ar an mbochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a mhaolú trí sheirbhísí a sholáthar do dhaoine gan dídean.

8.2 Ábhair Imní a Tarraingíodh Anuas

Sa bhliain 2019, tarraingíodh 649 n-ábhar imní aonair anuas leis an Rialálaí Carthanas i ndáil le 521 eagraíocht. Is ionann an líon ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas agus laghdú 5% ar an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2018, ar lena linn a fuarthas 686 cinn. Tháinig méadú 23% ar an líon eagraíochtaí a bhfuarthas ábhair imní fúthu, ó 423 cinn sa bhliain 2018 go 521 cheann sa bhliain 2019. Tá na figiúirí sin ag teacht le treocht ar leith a tugadh faoi deara, is é sin: cé gur tháinig laghdú ar an líon ilábhar imní a fuarthas i leith eagraíochtaí aonair, tháinig méadú ar an líon eagraíochtaí a bhfuaireamar ábhar imní aonair ina leith.

Table 2: Ábhair imní a tarraingíodh anuas ón 16 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 31 Nollaig 2019



Ba é 54 cinn an meánlíon ábhar imní a tarraingíodh anuas in aghaidh na míosa sa bhliain 2019 agus ba é 69 gcinn an líon is airde ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas in aon mhí ar leith. Fuarthas na hábhair imní sin i mí Eanáir 2019. I gcodarsnacht leis sin, ba i mí na Nollag 2019 a tarraingíodh an líon is ísle ábhar imní anuas. Fuarthas 42 ábhar imní an mhí sin.

Is féidir an laghdú ar an líon ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas agus an méadú ar an líon eagraíochtaí ar tarraingíodh ábhar imní anuas fúthu sa bhliain 2019 a chur go páirteach síos don mhéadú suntasach ar an líon ábhar imní a fuarthas faoina dhlisteanaí a bhí eagraíochtaí bailiúcháin éadaigh.

Léirítear sa chairt thíos an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas gach mí sa bhliain 2019.

Tábla 3: An líon ábhar imní a tarraingíodh anuas gach mí sa bhliain 2019



8.3 Catagóirí na Saincheisteanna a Tarraingíodh Anuas

Tá cineál éagsúil na saincheisteanna a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas mar fhianaise ar an raon leathan eagraíochtaí, cuspóirí carthanúla agus tairbhithe atá ann laistigh den earnáil carthanas in Éirinn. Is féidir roinnt catagóirí leathana a shainaithint sna hábhair imní a tarraingíodh anuas, áfach.

Maidir leis na hábhair imní a fuair an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2019, tarraingíodh saincheisteanna a bhain leis na catagóirí comhcheangailte 'Dlisteanacht an Charthanais', 'Saincheisteanna Rialachais' agus 'Rialú Airgeadais agus Trédhearcacht' anuas i thart ar 91% díobh.

Bhí an chatagóir 'Dlisteanacht an Charthanais' amháin freagrach as 46% de na hábhair imní uile a fuarthas. Léiríonn sé sin an fheasacht atá ag an bpobal ar an gcleachtas trína lorgaíonn eagraíochtaí neamhchláraithe

Tábla 4: Miondealú ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2019 agus comparáid eatarthu – Catagóir na saincheisteanna a tarraingíodh anuas

Catagóir	An Líon Ábhar Imní (2018)	% (2018)	An Líon Ábhar Imní (2019)	% (2019)	2018 - 2019 Comparáid Chéatadánach
• Dlisteanacht an Charthanais	287	30%	297	46%	+16%
• Saincheisteanna Rialachais	309	32%	157	24%	-8%
• Rialú Airgeadais agus Trédhearcacht	205	21%	136	21%	0%
• Dochar do Thairbhithe	19	2%	17	3%	+1%
• Tairbhe Phríobháideach	29	3%	17	3%	0%
• Ábhair Imní Mhíthreoraithe - saincheisteanna a bhí lasmuigh de shainchúram an Rialálaí Carthana	55	6%	16	2%	-4%
• Dul i mbun Feachtas Polaitíochta Míchuí	61	6%	9	1%	-5%

8.4 Stádas na hEagraíochta

I dteannta an róil atá aige maidir le carthanais chláraithe, imríonn an Rialálaí Carthanas ról maidir lena chinntiú go gcomhlíonfaidh eagraíochtaí eile forálacha áirithe den Acht Carthanas 2009 freisin. Cé gur le heagraíochtaí carthanúla cláraithe a bhain formhór na n-ábhar imní a tarraingíodh anuas, léirítear i bhFíor 1 thíos gur bhain sciar suntasach de na hábhair imní le heagraíochtaí nach carthanais chláraithe iad.

De na 649 n-ábhar imní aonair a tarraingíodh anuas sa bhliain 2019, bhain 335 cinn (52%) le carthanais chláraithe agus bhain 314 cinn (48%) le heagraíochtaí eile. I gcodarsnacht leis sin, bhain 44% de na hábhair imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2018 le carthanais chláraithe agus bhain 56% díobh le heagraíochtaí eile.

Fíor 1: Miondealú ar na hÁbhair Imní a Tarraingíodh Anuas sa bhliain 2019 - Carthanas Cláraithe/Eagraíocht Eile



- Eagraíocht Eile, 48%
- Carthanas Cláraithe, 52%

Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha ábhar imní a tarraingíodh anuas faoi eagraíochtaí nach carthanais chláraithe iad, mar atá i bhFíor 1:

- ábhair imní faoi eagraíochtaí nach carthanais iad de réir bhrí Acht 2009 agus nach bhfuil aon ról ag an Rialálaí Carthanas ina leith, e.g. cruinnitheoirí airgid a ghníomhaíonn chun tairbhe do dhuine aonair amháin agus nach gcomhlíonann an ceanglas go mbeadh tairbhe phoiblí ann; agus

- ábhair imní faoi eagraíochtaí nach carthanais chláraithe iad agus nach bhfuil aon ról ag an Rialálaí Carthanas ina leith, e.g. eagraíochtaí carthanúla a sheolann gníomhaíochtaí sa Stát gan a bheith cláraithe, eagraíochtaí a airbheartaíonn gur eagraíochtaí carthanúla iad, etc. Maidir leis an gcatagóir sin, baineann cuid mhór d'obair an Aonaid um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú lena chinntiú go dtabharfar eintitis neamhchláraithe den sórt sin i gcomhréir le hAcht 2009, áit ar féidir go mbeidh ar an eagraíocht lena mbaineann scor de ghníomhaíochtaí ar leith a dhéanamh nó iarratas a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas ar a cuimsiú sa Chlár Carthanas, nuair is cuí.

8.5 Cuspóir carthanúil

Leagtar ceithre chuspóir charthanúla amach san Acht Carthanas 2009:

- an bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú;
- oideachas a chur ar aghaidh;
- creideamh a chur ar aghaidh; agus
- aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal.

TLiostaítear san Acht ansin 12 chuspóir charthanúla eile a thagann faoin gcatagóir 'aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal'. Is féidir go mbeidh roinnt cuspóirí carthanúla ag carthanas.

Tiomsaíodh faisnéis faoi chuspóir carthanúil na n-eagraíochtaí ar tarraingíodh ábhair imní anuas fúthu sa bhliain 2019 agus ar thaifead an Rialálaí Carthanas a sonraí. Ba chun críocha anailíse amháin a thiomsaigh an tAonad um Chomhlíonadh faisnéis faoi chuspóir carthanúil na n-eagraíochtaí, agus níor tiomsaíodh an fhaisnéis sin tráth a taifeadadh na hábhair imní.

De na 521 ábhar imní a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas i leith eagraíochtaí sa bhliain 2019, bhain 288 gcinn (55%) le carthanais chláraithe. Bhí 397 gcuspóir charthanúla san iomlán liostaithe ag an 288 gcarthanas chláraithe sin.

Mar atá leagtha amach i bhFíor 2, tarraingíodh formhór na n-ábhar imní anuas i leith eagraíochtaí a raibh 'aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal' i measc a gcuid cuspóirí carthanúla (73%).

Fíor 2 - Miondealú de réir Cuspóir Carthanúil ar na hÁbhair Imní a Tarraingíodh Anuas sa bhliain 2019



- Cuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal
- Oideachas a chur ar aghaidh
- An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú
- Creideamh a chur ar aghaidh

Tugtar san Acht Carthanas 2009 tuilleadh mionsonraí faoi na foranna arbh ionann iad agus cuspóir carthanúil faoin gcatagóir 'aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal'. Tá anailís ar chuspóir carthanúil na gcarthanas cláraithe leagtha amach de réir na bhforanna sin i dTábla 5, de réir mar a bhaineann sé sin le hábhair imní a fuarthas sa bhliain 2019.

Tábla 5: Miondealú ar ábhair imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2019 – an chatagóir 'Aon Chuspóir Eile a Théann chun Tairbhe don Phobal'

Cuspóir Carthanúil	%
• Leas an phobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear faoiseamh dóibh siúd atá i ngátar de dheasca a óige atá siad, a shine atá siad, drochshláinte, nó éagumais	21%
• An tsláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear breoiteacht, galair nó fulaingt daoine a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna	16%
• Iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh, agus iad a spreagadh chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa tsochaí	16%
• Freagracht chathartha nó obair shaorálach a chur chun cinn	11%
• Fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna	8%
• Forbairt pobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear athbheochan tuaithe nó athbheochan uirbeach	8%
• Na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó na heolaíochtaí a chur ar aghaidh	7%
• An timpeallacht nádúrtha a chosaint	4%
• Inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh	4%
• Síth idir creidimh agus ciní mar aon le caidreamh sítheach pobail a chur chun cinn	2%
• Úsáid éifeachtúil éifeachtach maoine eagraíochtaí carthanúla a chur ar aghaidh	2%
• Réiteach coinbhleachtaí nó an t-athmhuintearas a chur ar aghaidh	1%

Is féidir go mbeidh níos mó ná cuspóir carthanúil amháin ag carthanais agus, ina lán cásanna, is amhlaidh go bhfuil níos mó ná cuspóir carthanúil amháin acu. Sa tábla thíos, tugtar miondealú ar na carthanais chláraithe ar an gClár Carthanas de réir an phríomhchuspóra charthanúil atá acu agus léirítear an céatadán d'ábhair imní a fuarthas de réir gach cuspóra charthanúil.

Tábla 6: Miondealú de réir cuspóir carthanúil/cuspóirí carthanúla ar na carthanais chláraithe ar tarraingíodh ábhair imní anuas ina n-aghaidh sa bhliain 2019.

Charitable Purpose	% Breakdown of Register by Charitable Purposes	% of Registered Charities with Concerns by Charitable Purpose
• Creideamh a chur ar aghaidh	9.1%	3.8%
• Oideachas a chur ar aghaidh	47.7%	11.2%
• An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú	13.7%	8.0%
Cuspóir Eile a Théann chun Tairbhe don Phobal		
• Leas an phobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear faoiseamh dóibh siúd atá i ngátar de dheasca a óige atá siad, a shine atá siad, drochshláinte, nó éagumais	12.4%	16.1%
• An tsláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear breoiteacht, galair nó fulaingt daoine a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna	3.7%	12.3%
• Iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh, agus iad a spreagadh chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh sa tsochaí	2.1%	12.1%
• Freagracht chathartha nó obair shaorálach a chur chun cinn	1.5%	8.7%
• Fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna	1.2%	6.3%
• Forbairt pobail a chur ar aghaidh, lena n-áirítear athbheochan tuaithe nó athbheochan uirbeach	5.2%	5.9%
• Síth idir creidimh agus ciní mar aon le caidreamh sítheach pobail a chur chun cinn	0.1%	1.5%
• Na healaíona, an cultúr, an oidhreacht nó na heolaíochtaí a chur ar aghaidh	2.5%	5.7%
• Réiteach coinbhleachtaí nó an t-athmhuintearas a chur ar aghaidh	0.2%	1.1%
• An timpeallacht nádúrtha a chosaint	0.5%	3.2%
• Úsáid éifeachtúil éifeachtach maoine eagraíochtaí carthanúla a chur ar aghaidh	0.2%	1.5%
• Inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh	0.1%	2.7%

8.6 Caidreamh idir an Duine a Tharraing an tÁbhar Imní Anuas agus an Eagraíocht

Le linn dó/di ábhar imní a tharraingt anuas trí fhoirm ábhar imní ar líne an Rialálaí Carthanas1, iarrtar ar dhuine a shonrú cén cineál caidrimh atá aige/aici leis an eagraíocht a bhfuil an t-ábhar imní á thabhairt anuas fúithi. Ina theannta sin, i gcás aon ábhar imní a gheofar trí mhodhanna eile seachas an fhoirm ábhar imní – e.g. le casadh an phoist, tríd an ríomhphost, etc. – déanfaidh baill foirne an Aonaid um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú an caidreamh idir an duine agus an carthanas a thaifeadadh bunaithe ar an bhfaisnéis a thabharfaidh sé/sí. Bíonn an fhaisnéis sin úsáideach don fhoireann maidir le teagmháil leantach a dhéanamh leis an duine a tharraing an t-ábhar imní anuas (i gcás gur chinn sé/sí ainm a thabhairt) toisc gur féidir léi a bheith ina léiriú ar an gcineál faisnéise ar a bhfuil an t-ábhar imní bunaithe. Mar shampla, ba cheart go mbeadh iontaobhaí carthanais in ann fianaise dhoiciméadach a thabhairt chun tacú le hábhair imní a tharraingítear anuas. Ní bheadh an fhaisnéis sin ar fáil do thairbhí ná do dhuine den phobal.

I gcás na n-ábhar imní a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas sna blianta 2018 agus 2019, tugadh le fios sa sciar is mó díobh nach raibh aon chaidreamh ag an duine leis an eagraíocht ar ina leith a tarraingíodh an t-ábhar imní anuas.

Tá miondealú eile leagtha amach i dTábla 7 thíos.

Tábla 7: Miondealú ar na hábhair imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2019 – An caidreamh idir an duine a tharraing an t-ábhar imní anuas agus an Eagraíocht

Caidreamh leis an Eagraíocht	Líon sa bhliain 2018	%	Líon sa bhliain 2019	%
Ceann ar Bith	276	40%	263	41%
Caidreamh Neamhshonraithe	235	34%	200	31%
Eile	34	5%	51	8%
Stiúrthóir/Iontaobhaí nó Iar-Stiúrthóir/Iar-Iontaobhaí	25	4%	33	5%
Tairbhí/Úsáideoir Seirbhíse	29	4%	27	4%
Comhalta	6	1%	20	3%
Fostaí/Iar-Fhostaí	27	4%	18	3%
Síntiúsóir/Tacadóir	33	5%	16	2%
Ball Foirne Inmheánach de chuid an Rialálaí Carthanas	-	0%	11	2%
Oibrí Deonach/Iar-Oibrí Deonach	21	3%	10	2%
Iomlán	**686**	**100%**	**649**	**100%**

1. Foirm Ábhar Imní ar Líne – ar fáil ó: **https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-the-public/raise-a-concern**

8.7 Ábhair imní a dúnadh

Mar atá léirithe i rannán 8.1, próiseáiltear ábhair imní ar bhonn aonair agus i gcomhthéacs ábhar imní eile a tarraingíodh anuas faoin eagraíocht chéanna. Mar gheall ar an raon leathan saincheisteanna is féidir a tharraingt anuas leis an Rialálaí Carthanas faoi eagraíocht, is féidir ábhair imní a dhúnadh ar roinnt cúiseanna éagsúla, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Tá Acht 2009 á chomhlíonadh ag an eintiteas anois
- Tá an eagraíocht neamhchláraithe ag gabháil don phróiseas clárúcháin
- Is deimhin leis an mbainisteoir cásanna gur féidir an t-ábhar imní a dhúnadh, bunaithe ar na dearbhuithe a tugadh
- Tá na saincheisteanna lena mbaineann lasmuigh de shainchúram an Rialálaí Carthanas
- Ní féidir an cás a chur ar aghaidh de bharr easpa faisnéise
- Eisíodh comhairle/treoir ábhartha chuig an eintiteas
- Chomhlíon an t-eintiteas na gníomhartha ar iarr an bainisteoir cásanna iad
- Thug an t-eintiteas aghaidh ar na saincheisteanna lena mbaineann cheana féin/tá an t-eintiteas ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna lena mbaineann
- Níor chosúil, tar éis measúnú a dhéanamh, go ndearnadh aon sárú ar Acht 2009

Tá na hábhair imní uile a dúnadh catagóirithe anois bunaithe ar cheann amháin de na cúiseanna atá sonraithe, rud a éascóidh tuairisciú amach anseo.
Dúnadh 597 n-ábhar imní aonair san iomlán le linn na bliana 2019, mar atá leagtha amach i dTábla 4. Is ionann an líon sin agus laghdú 17% ar an líon foriomlán ábhar imní aonair a dúnadh sa bhliain 2018, ar lena linn a dúnadh 722 cheann. Ceann amháin de na cúiseanna leis an laghdú ar an líon ábhar imní aonair a dúnadh le linn na bliana 2019 ba ea na srianta acmhainne a bhí ann de bharr ganntanais foirne, go háirithe san Aonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú. Chuir na ganntanais sin as don chumas a bhí ag an Aonad ábhair imní a dhúnadh chomh tapa agus a dúnadh iad i mblianta roimhe sin. Rud eile a chuaigh i bhfeidhm ar aschur foriomlán an Aonaid ba ea an riachtanas a bhí ann le baill foirne ón Aonad a chur ag obair ar an gcóras cúloifige nua bainistíochta cásanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba thionscadal mór é sin sa bhliain 2019.

Bhí 359 n-ábhar imní faoi 237 n-eagraíocht ar oscailt amhail an 31 Nollaig 2019, suas ón 294 ábhar imní faoi 158 n-eagraíocht a bhí ar oscailt amhail an 31 Nollaig 2018.

Léirítear i dTábla A an miondealú míosúil ar na hábhair imní aonair a dúnadh le linn na bliana 2019.



Léirítear i dTábla B an líon eagraíochtaí ar dúnadh ábhair imní fúthu gach mí sa bhliain 2019.



8.8 Cruinnithe le heagraíochtaí

Thionóil an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú cruinnithe aghaidh ar aghaidh le roinnt eagraíochtaí maidir le nithe comhlíonta le linn na bliana 2019. I bhformhór na gcásanna, is iad na hiontaobhaithe carthanais a dhéanann ionadaíocht don charthanas ag na cruinnithe sin. Bhuail an tAonad le hionadaithe eile freisin, áfach, lenar áiríodh baill foirne, oibrithe deonacha agus daoine a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla do na heagraíochtaí, amhail cuntasóirí agus aturnaetha.

Bhuail an tAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú le dhá charthanas, le comhlacht ionadaíoch amháin do charthanais agus le trí eagraíocht eile le linn na bliana 2019.

8.9 Ceisteanna ginearálta

Ar bhonn leanúnach, déileálfaidh ár nAonad um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú le teagmhálacha a thagann ón bpobal agus ó eagraíochtaí agus nach ionann iad agus ábhar imní faoi neamhchomhlíonadh féideartha na nAchtanna Carthanas. Dhéileáil an tAonad le 110 gceist den sórt sin sa bhliain 2019.

Ina lán cásanna, cabhróidh an corp méadaitheach treoirdhoiciméad foilsithe uainn le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a gheofar. I gcásanna eile, déanfaimid anailís ar an tsaincheist a tarraingíodh anuas agus tabharfaimid comhairle nuair is cuí.

8.10 Anailís ar ábhair imní

Ba de láimh a taifeadadh an fhaisnéis ar a bhfuil an tuarascáil seo bunaithe. A bhuí leis an gcóras bainistíochta cásanna a chuir an tAonad chun feidhme sa bhliain 2019, samhlaítear go soláthrófar dúinn acmhainn leictreonach anailísíochta sonraí ar a mbeidh tuarascálacha maidir le comhlíonadh amach anseo bunaithe.

9. Conclúid

9.1 Comhairle do Charthanais agus comhlíonadh an Achta Carthanas 2009

Molann an Rialálaí Carthanas go gcuirfeadh gach iontaobhaí carthanais eolas ar na treoirdhoiciméid uainn, go háirithe an 'Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais' agus na 'Treoirlínte do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais'.

Tá sé ríthábhachtach freisin go gcinnteodh gach iontaobhaí carthanais go bhfuil socruithe rialachais cuí i bhfeidhm sa charthanas a bhfuil siad freagrach as, faoi mar a cheanglaítear leis an gCód Rialachais do Charthanais. Tá treoir phraiticiúil ar fáil trí Thacar Uirlisí agus Ceisteanna Coitianta an Chóid Rialachais do Charthanais, ina bhfuil ábhair threorach agus teimpléid. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise agus treorach trí na físeáin de láithreoireachtaí foirne atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin, lena n-áirítear láithreoireachtaí ar an gCód Rialachais agus ar obair Aonad an Rialálaí Carthanas um Chomhlíonadh.

9.2 Comhairle do Shíntiúsóirí agus Oibrithe Deonacha Féideartha

I gcás go bhfuil duine ag smaoineamh faoi shíntiús a thabhairt d'eagraíocht atá ag airbheartú gur carthanas í nó faoi obair dheonach a dhéanamh le heagraíocht den sórt sin, molann an Rialálaí Carthanas don duine sin an Clár Carthanas a sheiceáil ar ár suíomh Gréasáin chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht cláraithe.

Ina theannta sin, ba cheart do shíntiúsóirí agus oibrithe deonacha féideartha iarracht a dhéanamh iad féin a chur ar an eolas go hiomlán faoin eagraíocht agus faoina cuid gníomhaíochtaí agus a chinntiú gur deimhin leo go bhfuil struchtúir chuí, beartais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an eagraíocht chun a chinntiú go mbainfear an chuid is fearr as an síntiús uathu, cibé acu is am nó airgead é an síntiús sin.

10. Tagairtí

Tá an Clár poiblí Carthanas ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-the-public/search-the-register-of-charities**

Tá an tAcht Carthanas 2009 ar fáil ar shuíomh Gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann ag: **http://www.irishstatutebook.ie/eli/2009/act/6/section/1/enacted/en/index.html**

Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1078/guidance-for-charity-trustees-july-2017.pdf**

An treoir maidir le Coinbhleachtaí Leasa a Bhainistiú - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1417/managing-conflicts-of-interest-may-2018.pdf**

Treoirlínte do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1081/financial-controls-guidelines-june-2017.pdf**

Ráiteas faoi Chleachtas Molta – ar fáil ag: **http://www.charitysorp.org/**

Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1083/guidance-for-fundraising-english.pdf**

Cad is Carthanas ann? - ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1544/what-is-a-charity-rev-001.pdf**

An Beartas maidir le hÁbhair Imní – ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1737/concerns-policy.pdf**

Foirm Ábhar Imní ar Líne – ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-the-public/raise-a-concern**

Tacar Uirlisí an Chóid Rialachais do Charthanais agus Treoirnótaí agus Teimpléid– ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-charities/charities-governance-code**

Treoir maidir le Cúiseanna Polaitíochta a bheith á gCur Chun Cinn ag Carthanais – ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1391/guidance-on-charities-and-the-promotion-of-political-causes.pdf**

Treoir maidir le Carthanas a Fhoirceannadh – ar fáil ag: **https://www.charitiesregulator.ie/media/1670/guidance-on-winding-up-a-charity.pdf**

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Document Reference No CE REP 9.1 003 Rev 000
September 2020

Charities Regulator
3 Georges Dock
IFSC
Dublin 1
D01 X5X0
Telephone: 01 633 1500
www.charitiesregulator.ie
© Charities Regulator 2020